



An Bhéaltriail

Sampla 3

Leaving Cert Irish Oral



Sampla 3 - Máire Ní Neachtain

Mé féin, mo mhuintir agus m'áit chónaithe:

- Máire Ní Neachtain is ainm dom.
- Tá mé naoi mbliana déag d'aois.
- Tá cúigear i mo theaghlach.
- Tomás agus Deirdre is ainm do mo thuismitheoirí.
- Tá comhlacht tógála ag m'athair. Tá rudaí ciúin go maith faoi láthair ach tá obair éigin aige i gcónaí, buíochas le Dia.
- Bean tí í mo mháthair agus oibríonn sa mbaile.
- Tá deirfiúr amháin agus deartháir amháin agam. Nuala is ea an duine is sine agus is é Micheál an duine is óige. Tá mise i lár báire.
- Tá Nuala in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag déanamh staidéir ar na Dáin.
- Tá Micheál sa gcéad bhliain agus tá Nuala san idirbhliain.
- Tá muid inár gcónaí i dteach scoite in Indreabhán i gcroílár Ghaeltacht Chonamara.
- Is breá liom m'áit dhúchais. Tá radharc agam ar an bhfarraige ó mo sheomra suí.
- Is breá liom a bheith ag siúl ar an trá atá cúpla nóiméid siúil ónár dteach.

An Scoil:

- Freastalaím ar an meánscoil áitiúil. Is scoil bheag mheascaithe í. Is scoil tuaithe í.
- Tá tuairim is trí chéad dalta ag freastal ar an scoil. Tá tuairim is tríocha múinteoir ag múineadh inti.
- Tugann m'athair síob ar scoil dom gach lá. Is breá liom é sin mar bím tuirseach ar maidin agus ní bhíonn fonn siúil orm.
- Tá an Ardteist á dhéanamh in athuir agam agus dá bhrí sin seo hí an seachtú bliain agam sa scoil.
- Is maith liom an scoil. Tá go leor cairde agam anseo agus tá aithne ag gach duine ar a chéile.
- Tá atmaisféar deas sa scoil agus tá na múinteoirí an-deas.
- Déanaim seacht n-ábhar ar scoil: Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Ceimic, Beitheolaíocht agus Cuntasaíocht.
- Is í an bhitheolaíocht an t-ábhar is fearr liom mar go bhfuil sí spéisiúil agus dúshlánach. Is maith liom an Cheimic chomh maith.
- Tá go leor imeachtaí eischuraclaim sa scoil seo.
- Tá cáil na lúthchleasaíochta ar an scoil agus is minic go mbuann scoláirí ón scoil comórtais éagsúla.
- Is breá liom féin an díospóireacht. Táim ar fhoireann díospóireachta na scoile le cúpla bliain anuas. Chuaigh muid chomh fada le Craobh na hÉireann anuraidh ach faraor níor éirigh linn an corn a bhreith linn. "Beidh lá eile ag an bPaoarach," b'fhéidir.

An Samhradh seo agus an Samhradh seo caite:

- Chaitheas go leor ama ag imirt camógaíochta anuraidh. Imrím leis an gclub áitiúil.
- Bhuaigh muid Craobh an Chonate anuraidh agus bhí oíche go maidin againn ag ceiliúradh.
- Tugaim cúnamh ag traenáil na bhfoirne faoi aois chomh maith.
- Thaitin sé sin liom cé gur éirigh mé mífhoighneach leis na gasúir óga ó am go chéile.
- Beidh mé ag imirt camógaíochta arís an Samhradh seo agus d'iarr an club orm leanúint ar aghaidh leis an traenáil chomh maith.
- Beidh mé ag imirt leis an bhfoireann shinsear.
- Gach bliain téann mo theaghlach ar shaoire chlainne.
- Anuraidh chuaigh muid go dtí an Iodáil. Tá an-spéis ag m'athair sa Stair agus tharraing sé muid timpeall na Róimhe leis na hiontaisí agus láithreacha stairiúla ar fad a fheiceáil.
- Bhí sin ceart go leor ach d'imigh sé chun leadráin tar éis tamaill.
- Bhí bia den chéad scoth san Iodáil agus bhí cúpla lá againn le suí ar an trá ag sú na gréine. Thaitin sé sin go mór liom.
- I mbliana tá muid ag dul go Nua Eabhrac. Táim ag tnúth go mór leis.
- Níl a fhios agam an bhfuil mo Dheaid ag súil leis sin mar go bhfuil a fhios aige go mbeidh na cailíní ar fad, agus mo dheartháir b'fhéidir, ag siopadóireacht ó mhaidin go hoíche.
- Ní raibh mé i Meiriceá riamh cheana agus tá mé ag súil go mór leis an Statue of Liberty, Ellis Island agus Time Square a fheiceáil.
- Tá gaolta againn i Nua Eabhrac agus tabharfaimid cuairt orthu sin chomh maith.
- Is maith liom dul ar saoire le mo chlann réitimid go maith le chéile cé go gcuireann mo dheartháir as dom uaireanta.

Cúrsa/Gairm:

- Bhí dúil agam a bheith i mo thréidlia ó bhí airde ghlúin fir ionam.
- Chaill mé amach ar an gcúrsa auraidh le 10 pointe CAO. Bhí mé ag gol go faíoch nuair a thuig mé nach bhfaighinn an cúrsa.
- Tháinig misneach chugam, áfach, agus chinn mé an Ardteist a dhéanamh in athuair.
- Is fíoradh brionglóide a bheadh ann dá n-éireadh liom na pointí a fháil an babhta seo.
- Tá an cúrsa in Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
- Níl mé ag iarraidh an Ghaillimh, ná an baile a fhágáil, ach níl an dara rogha agam.
- Tá an-ghrá agam d'ainmhithe agus bhí riamh. Bhí mo chapall féin agam go dtí cúpla bliain ó shin nuair a fuair sé bás leis an seanaois.
- Nuair a bhí mé san idirbhliain rinne mé taithí oibre leis an tréidlia áitiúil. Bhí sé an-chineálta agus cabhrach. Chuir sé ar bhóthar mo leasa mé.
- Nuair a bheidh mé cáilithe mar thréidlia ba mhaith liom filleadh ar mo fhód dúchais agus mo ghnó féin a thosú.

Caitheamh Aimsirí:

- Bhuel faoi mar is eol duit tá an-spéis agam sa chamógaíocht agus caithim an-chuid de m'am saor ag imirt camógaíochta.
- Bhínn ag imirt peile nuair a bhí mé níos óige ach tá foireann na mban tar éis titim as a chéile le cúpla bliain anuas agus is mór an trua é sin.
- Is breá liom dul amach ag siúl go mórmhór anuraidh agus i mbliana mar go bhfuil an oiread sin staidéir á dhéanamh agam.
- Téim síos ag siúl ar an trá nach mór gach oíche.
- Is breá liom an ciúnas thíos ansin agus tugann sé deis dom éalú ón saol ar feadh tamaill.
- I rith an tSamhraidh téim ag snámh. Tá an-bhuille snámh agam agus is bealach iontach é le coinneáil aclaí.
- Tá an-chuid cairde agam buíochas le Dia.
- Tá aithne againn ar a chéile ó bhí muid an-óg agus tá cuid acu ar an bhfoireann camógaíochta liom.
- Tá cuid acu imithe ag an gcoláiste anois agus airím uaim go mór iad. Tá scaipeadh na mionéan tagtha orainn.
- Is breá liom é nuair a bhíonn deis againn dul amach le chéile. Bíonn an-chraic againn. Bhí said ar fad timpeall i gcomhair na Nollag agus chaitheamar an-chuid ama le chéile.

Taisteal:

- Tá teach saoire ag mo thuismitheoiri in Iarthar Chorcaí agus téimid síos ann go minic.
- Cheannaigh siad é blianta ó shin agus rinne m'athair é a chóiriú.
- Is ón taobh sin tíre mo mháthair agus is breá léi dul síos ann.
- Is maith liomsa dul síos ann chomh maith ach éiríonn sé leadránach tar éis tamaill. Ina theannta sin tá an t-aistear síos an-fhada.
- Sin ráite tá an-fheabhas tagtha ar na bóithre le cúpla bliain anuas.
- Tá aithne mhaith curtha againn ar chuid de mhuintir na háite ár gcomharsana ach go háirithe.
- Tá an teach suite in aice na trá agus tá radharcanna áille ón teach.
- Tá mé féin agus mo chairde ag caint agus ag brionglóid faoi chamchuart domhanda le blianta. Teastaíonn uainn dul chuig An Ind, An Astráil, Meiriceá Theas agus Meicsiceo.
- B'fhéidir go ndéanfaimis é tar éis an Choláiste nó b'fhéidir go dtógfaimis bliain saor roimhe sin.
- Tá an-spéis agam sa taisteal agus ba bhreá liom go leor taistil a dhéanamh amach anseo.
- Ba bhreá liom cónaí i dtír eile ar feadh bliana.